*Uimhir* 6 *de* 2021

# Acht na Leanaí (Leasú), 2021

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 6 *de* 2021

# ACHT NA LEANAÍ (LEASÚ), 2021

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Leasú ar alt 252 d'Acht na Leanaí, 2001
2. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht na Leanaí, 2001 (Uimh. 24)

Achtanna na Leanaí, 2001 go 2015

*Uimhir* 6 *de* 2021

**ACHT NA LEANAÍ (LEASÚ), 2021**

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú Acht na Leanaí, 2001 chun socrú breise a dhéanamh, i ndáil le himeachtaí lena mbaineann alt 252 den Acht sin, i leith tuairiscí nó pictiúir a fhoilsiú agus a áireamh i gcraoladh, is tuairiscí nó pictiúir lena ndéanfar, nó lenar dóigh go ndéanfaí, leanaí áirithe a chéannú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [26 *Aibreán* 2021]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Leasú ar alt 252 d'Acht na Leanaí, 2001**

**1.** (1) Leasaítear alt 252 d'Acht na Leanaí, 2001—

(a) i bhfo-alt (1), trí "Faoi réir an ailt seo," a chur in ionad "Faoi réir fho-alt (2),",

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le tuairisc nó pictiúr a fhoilsiú nó a áireamh i gcraoladh, is tuairisc nó pictiúr dá dtagraítear i mír (a) nó (b) den fho-alt sin a bhaineann le leanbh más rud é—

(a) go mbaineann na himeachtaí lena mbaineann le bás an linbh, agus

(b) nach mbeadh de thoradh ar fhoilsiú nó ar áireamh den sórt sin i gcraoladh, go ndéanfaí sárú orthu seo a leanas—

(i) an fo-alt sin sa mhéid go mbaineann sé le leanbh eile atá beo, nó

(ii) alt 93.

(1B) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le tuairisc nó pictiúr a fhoilsiú nó a áireamh i gcraoladh, is tuairisc nó pictiúr dá dtagraítear i mír (a) nó (b) den fho-alt sin a bhaineann leis an duine a líomhnaítear go ndearnadh an cion lena mbaineann ina choinne nó ina coinne más rud é—

(a) go mbeidh 18 mbliana d'aois slánaithe ag an duine ar an dáta ar a dtionscnófar na himeachtaí nó roimhe, agus

(b) nach mbeadh de thoradh ar an tuairisc nó ar an bpictiúr a fhoilsiú nó a áireamh ar an tslí sin i gcraoladh, go ndéanfaí sárú orthu seo a leanas—

(i) an fo-alt sin sa mhéid go mbaineann sé le duine eile, ar leanbh é nó í agus atá beo, nó

(ii) alt 93.

(1C) Ní dochar fo-alt (1B) d'aon achtachán nó riail dlí eile is infheidhme maidir le himeachtaí dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a oibríonn chun toirmeasc a chur le tuairisc nó pictiúr a fhoilsiú nó a áireamh i gcraoladh, is tuairisc nó pictiúr dá dtagraítear i mír (a) nó (b) den fho-alt sin agus a bhaineann le haon duine.",

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Maidir leis an gcúirt—

(a) déanfaidh sí, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) is cuí léi, ceanglais fho-alt (1) i ndáil le leanbh dá dtagraítear san fho-alt sin a ligean thar ceal i gcás go mbainfidh na himeachtaí lena mbaineann le bás an linbh sin mura deimhin léi, dá ndéanfaí amhlaidh—

(i) nach ar mhaithe le leas linbh eile dá dtagraítear san fho-alt sin agus atá beo a bheadh sé, nó

(ii) go ndéanfaí alt 93 a shárú,

agus

(b) féadfaidh sí, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) is cuí léi, ceanglais fho-alt (1) i ndáil le leanbh dá dtagraítear san fho-alt sin a ligean thar ceal i gcás nach mbaineann na himeachtaí lena mbaineann le bás linbh agus i gcás gur deimhin leis an gcúirt—

(i) gur cuí déanamh amhlaidh ag féachaint do leas an linbh sin,

(ii) nach mbeadh sé contrártha do leas linbh eile dá dtagraítear san fho-alt sin agus atá beo, dá ndéanfaí amhlaidh, agus

(iii) nach sárú ar alt 93 a bheadh ann, dá ndéanfaí amhlaidh.".

(2) Maidir leis na leasuithe a dhéantar le *fo-alt (1)*, beidh feidhm acu, ar an dáta agus ón dáta a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh, maidir le tuairisc nó pictiúr a fhoilsiú nó a áireamh i gcraoladh, is tuairisc nó pictiúr lena mbaineann alt 252(1) d'Acht na Leanaí, 2001, is cuma an mbeidh na himeachtaí dá dtagraítear san fho-alt sin tionscanta roimh an dáta sin.

**Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

**2.** (1) Féadfar Acht na Leanaí (Leasú), 2021 a ghairm den Acht seo.

(2) Forléireofar Achtanna na Leanaí, 2001 go 2015 agus an tAcht seo le chéile mar aon Acht amháin agus féadfar Achtanna na Leanaí, 2001 go 2021, a ghairm díobh le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe,

agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 42. 10/22. Essentra. (94403). Gr.30-15.

9 781399 304412